AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0064/2011

**Chuig Boird Bainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna**

# Toghadh Bord Bainistíochta Nua ar Bhunscoileanna

## 1. Ginearálta

In oirchill ar cheapadh Bord Bainistíochta nua ó 1 Nollaig 2011, tá an Roinn tar éis an leabhrán faoi Bhunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta a nuashonrú, tar éis di dul i gcomhairle le heagraíochtaí atá ionadaitheach do bhainistíocht na scoileanna, tuismitheoirí agus múinteoirí.

Tá na forálacha a rialóidh comhdhéanamh, ceapachán agus feidhmiú na mBord Bainistíochta a bheidh ag dul i mbun oifige ó 1 Nollaig 2011, leagtha amach anois i ***Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta 2011***.

Tá an leabhrán ***Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta 2011*** foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: www.education.ie

Scaipfear deich gcóip den leabhrán ar gach aon bhunscoil insna seachtainí amach romhainn. Cuirtear cóip chrua ar fáil do gach aon duine a cheapfar ar an mBord Bainistíochta nua agus cuirtear an dá chóip atá fágtha ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí.

Beidh feidhm i gcónaí ag Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta a foilsíodh i 2007 i gcás na mBord atá ann faoi láthair suas go dtí deireadh a dtéarma oifige ar 30 Samhain 2011.

## 2. Toghadh Bord Nua

Ní mór na nósanna imeachta atá leagtha amach i ***Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta 2011*** i gcomhair toghadh Bord nua a chur i ngníomh anois.

Is féidir 9 seachtaine ar an uasmhéid a chaitheamh ar an bpróiseas seo ach is féidir é a chríochnú níos luaithe ná sin ag brath ar cén bealach a roghnaíodh chun ainmnithe na dtuismitheoirí a thoghadh nó sa chás go dtéann an roghnúchán ar aghaidh gan feidhm a bhaint as toghchán (i.e. áit nach mbíonn líon na n-ainmnithe níos mó ná líon na n-ionad).

Tá an t-uasfhráma ama i gcomhair toghcháin leagtha amach san Aguisín leis an gciorclán seo. Faoin bhfráma ama seo rachaidh gach aon Bhord nua i mbun oifige ar 1 Nollaig 2011. Rachaidh téarma ma mBord uile atá ann faoi láthair in éag ar 30 Samhain 2011.

## 3. Ceisteanna

Má bhíonn ceisteanna ar bith agat maidir leis an gciorclán nó leis an leabhrán tar éis duit an ciorclán seo nó ***Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta 2011*** a léamh, is ceart duit iad a chur tríd an ríomhphost chuig an Roinn ag:

schoolgovernance@education.gov.ie

**4. Scaipeadh an chiorcláin**

Is ceart cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do bhaill an Bhord Bainistíochta agus don fhoireann scoile ar fad. Is ceart cóip a chur ar fáil chomh maith do Chumann na dTuismitheoirí. Is féidir rochtain ar an gciorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie.

Hubert Loftus
Príomhoifigeach
Rannóg Rialachais na Scoileanna

Meán Fómhair 2011

**AGUISÍN**

**Is mar seo a leanas an fráma ama i gcomhair toghadh ball an Bhoird:**

(Is ceart tagairt ar bith do laethe a thuigsint mar thagairt do laethe féilire, san áireamh deirí seachtaine)

- tréimhse 14 lá chun ligint d'ionadaí an Phátrúin dul i gcomhairle le Cumann na dTuismitheoirí maidir leis an mbealach ina dtoghfar ainmní/ainmithe na dtuismitheoirí, liostaí a ullmhú (mura ag cruinniú a thoghfar iad), ainmniúcháin a iarraidh agus a fháil.

- tréimhse 7 lá chun toghcháin ainmní/ainmithe na dtuismitheoirí a shocrú (i.e. eolas faoi na hiarrthóirí le cur ar na páipéir bhallóide, ullmhú an pháipéir bhallóide agus eisiúint an chéanna).

- tréimhse 7 lá (ar a mhéid) chun vótaí na dtuismitheoirí a aischur de réir sprice agus chun an céanna a chomhaireamh go poiblí.

- tréimhse 7 lá chun cruinniú a thionól den seisear a ainmníodh/toghadh.

- 10 lá chun teacht ar chomhaontú agus ionadaithe a ainmniú (sa chás go ndiúltaíonn duine den bheirt ainmní pobail, nó an bheirt araon, gníomhú ar an mBord).

- tréimhse eile 7 lá, ach sa chás amháin go ndiúltaíonn an bheirt a roghnaíodh i dtosach, nó sa chás nach mbíonn comhaontú d'aon toil ann – Feic Aguisín C de ***Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta 2011.***

- tréimhse 10 lá chun fógairt láithreach don Phátrún cé hiad na hainmnithe a bheidh ar an mBord agus chun deis a thabhairt don Phátrún ina dhiaidh sin dearbhú an Phátrúin (atá san áireamh ag Aguisín F de ***Bunreacht Bord agus na Rialacha Imeachta 2011)*** a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna.